Clárlann Naisiúnta Ailse na hÉireann

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## NA CLÁRLAINNE NÁISIÚNTA AILSE

## 2024

www.ncri.ie

# CLÁR NA NÁBHAR


01 Brollach ón gCathaoirleach
02 Teachtaireacht ón Stiúrthóir
03 Maidir le NCRI
04 Fís, Misean agus Luachanna
05 Straitéis
06 2024 in uimhreacha
07 Éachtaí
08 Babhtaí Comhair agus Saothar
09 Ráiteas Corparáideach
10 Ráiteas Airgeadais

# BROLLACH ÓN GCATHAOIRLEACH



## An Dr Robert O'Connor
**Cathaoirleach**

IIs mór an onóir dom é Tuarascáil Bhliantúil Chlárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann i leith na bliana 2024 a chur i láthair, mo chéad tuarascáil agus mé i ról an Chathaoirligh. Ar dtús báire, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Dr Jerome Coffey, an té a bhí sa phost seo romham. Is é oidhreacht a cheannaireachta agus a fhíse go bhfuil bunchloch dhaingean leagtha síos don obair atá le déanamh againn anois.

Ba é 2024 an chéad bhliain inar cuireadh i bhfeidhm ár bplean straitéiseach nua – garsprioc mhór i bhforbairt na Clárlainne agus muid ag comhlíonadh an mhisin atá againn i dtaobh léargas den scoth a thabhairt ar shonraí chun feabhas a chur ar thorthaí ailse ar fud na hÉireann.

Tugann ár gcuid sonraí léargas tábhachtach dúinn ar an ailse sa tír seo go fóill. Cé nach bhfuil athrú mór tagtha, tríd is tríd, ar rátaí ailse i measc aoisghrúpaí sonracha – agus go bhfuil na rátaí ag laghdú i roinnt aoisghrúpaí, rud a thugann misneach dúinn – feicimid go bhfuil na huimhreacha foriomlána ag dul i méid de réir mar a théann an pobal in aois. Is minice a tharlaíonn ailse i measc daoine scothaosta, agus de réir mar a mhaireann níos mó daoine achar níos faide de bhlianta, tá dúshlán roimh an gClárlann i dtaobh monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar an tacar sonraí sin atá ag dul i méid.

Tá treochtaí dearfacha le sonrú maidir le hailse a bhainistiú, agus tá níos mó daoine a bhfuil ailse orthu á leigheas nó tá siad ag maireachtáil níos faide. Is iad na forbairtí sin a spreagann ár bhfís agus ár misean agus muid ag obair chun feabhas a chur ar an léargas a fhaighimid ó na sonraí ailse, in ainneoin na ndúshlán a ghabhann le méideanna níos mó faisnéise a bheith ann, gá níos mó a bheith le hanailís mhionsonraithe, agus é a bheith riachtanach torthaí a chur ar fáil ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtaí.

Agus muid ag déileáil leis na hathruithe sin, táimid fós meáite ar shláine agus slándáil na sonraí íogaire a chuirtear ar iontaoibh ár n-eagraíochta a chosaint, agus leanfaimid orainn ag úsáid na modhanna is nua-aimseartha chun féachaint chuige go mbeidh an fhaisnéis a bhainistímid slán sábháilte.

Táim thar a bheith buíoch de na comhaltaí boird eile a chomhlíonann a róil rialachais agus mhaoirseachta go dian dícheallach thar ceann na Roinne Sláinte agus an phobail a bhféachaimid le freastal air. A bhuí leis an saineolas atá acu agus lena ndúthracht, bíonn an Chlárlann ag cloí le hardchaighdeáin chuntasachta agus éifeachtachta. Is mór an cúnamh dúinn freisin an obair a dhéanann an Chomhairle Chomhairleach – faighimid léargas luachmhar ó dhaoine a bhfuil obair cheannródaíoch á déanamh acu i réimsí teicniúla tábhachtacha, rud a fheabhsaíonn ár misean agus ár dtionchar arís eile.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt don obair mhór a rinne an Stiúrthóir, an tOllamh Murray, agus foireann iomlán NCRI a thug faoin athrú straitéiseach go díograiseach dúthrachtach. Is é a dtiomantas don tsármhaitheas maidir le bailiú sonraí, anailísiú agus tuairisciú a chuireann bonn daingean faoin obair a dhéanann an eagraíocht agus is cúis leis an rath atá uirthi.

Agus muid ag dul ar aghaidh leis an obair, tá Clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann fós meáite ar an mbonn fianaise is gá a sholáthar chun beartas a threorú, seirbhísí a fheabhsú, agus, ar deireadh thiar, torthaí a fheabhsú do gach duine atá faoi thionchar na hailse in Éirinn.

Robert O'Connor.

# TEACHTAIREACHT ÓN STIÚRTHÓIR



## An tOllamh Deirdre Murray

**Stiúrthóir**

Tá áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil a chur i láthair, ina ndéantar machnamh ar éachtaí Chlárlann Náisiúnta an Ailse in 2024 agus ina ndírítear aird ar na tionscnaimh mhóra agus an dul chun cinn a rinneamar. Thugamar aghaidh ar dhúshláin nua, ghlacamar straitéisí nuálacha, agus bhíomar ag obair le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar an gcaoi a mbailímid sonraí ailse agus a ndéanaimid anailís orthu. Ba mhór an cúnamh dár bhfoireann a bhí sa tacaíocht leanúnach ón Roinn Sláinte, rud a chur lenár gcumas féin. Bhí díograis na mball foirne agus an teacht aniar atá iontu ríthábhachtach i dtaobh athrú chun feabhais a bhaint amach agus cur leis an seasamh atá ag NCRI mar fhoinse neamhspleách, shaineolach, iontaofa i ndáil le sonraí agus treochtaí ailse in Éirinn.

Agus muid ag féachaint chun cinn, tá ár ndíograis maidir lenár n-oibríochtaí agus ár dtionchar a fheabhsú ag luí go beacht lenár bplean straitéiseach. Táimid ar bís anois agus muid ag dul i mbun roinnt tionscnaimh thábhachtacha lena dtacófar le cultúr foghlama agus forbartha leanúnaí.

Tá an rannóg taighde réidh le haghaidh comhtháthú agus fáis, agus cuirfidh an taighde agus an anailís a dhéanann NCRI bonn eolais faoinár dtionscnaimh. Comhoibreoimid go gníomhach le gníomhaireachtaí taighde, comhpháirtithe agus líonraí tábhachtacha chun an nuálaíocht a chothú agus leas a bhaint as eolas comhroinnte.

Forbairt ríthábhachtach a bheidh i mbunú Limistéir Taighde Shláin lena gcuirfear ar a gcumas do thaighdeoirí seachtracha tacair sonraí NCRI a rochtain agus dul ag obair leo, agus é á chinntiú an tráth céanna go mbeidh rialú docht á dhéanamh ar shlándáil agus rialachas sonraí.

Bainfimid leas as tionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta chun uathoibriú agus inscálaitheacht a fheabhsú, agus sláine ár mbailiúcháin agus ár bpróiseála sonraí a chinntiú. Toisc go bhfuilimid díograiseach maidir le sonraí a chosaint, déanfar measúnuithe agus feabhsuithe leanúnacha ar ár mbeartais agus ár bpróisis slándála.

Is tosaíocht fós againn é cur le hinfheictheacht bhranda NCRI agus leis an leibhéal aitheantais atá ag daoine air. Déanfaimid teagmháil le húsáideoirí agus páirtithe leasmhara tábhachtacha trí thionscnaimh for-rochtana spriocdhírithe, rud a fheabhsóidh ár láithreacht sa phobal agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Déanfar uasghrádú mór ar ár suíomh gréasáin ionas go mbeidh sé níos áisiúla dár bpáirtithe leasmhara éagsúla. Chun éifeachtúlacht a chur chun cinn, déanfaimid tascanna riaracháin a chuíchóiriú trí réitigh theicneolaíochta nuálacha agus athdhearadh próiseas, lena chinntiú go ndéanfar ár n-acmhainní a bharrfheabhsú chun an tionchar is mó a bhaint amach.

De réir mar a leathnóimid an acmhainneacht atá againn, déanfaimid measúnú ar an úsáid a bhainimid as seirbhísí néalbhunaithe agus b'fhéidir go leathnóimid iad. Déanfar an cinneadh straitéiseach sin i dteannta le hiarrachtaí chun cur lenár gcumas trí shaineolas a fhorbairt, tuilleadh daoine a fhostú, agus infheistíocht a dhéanamh in uirlisí agus i dteicneolaíocht atá dírithe ar éifeachtúlacht agus nuálaíocht níos fearr a chothú.

Le chéile, réiteoidh na tionscnaimh sin an bealach do thodhchaí níos gile in NCRI, ionas go mbeimid inár gceannairí i réimse an taighde agus muid ag comhlíonadh ár bpríomh-mhisean agus ár bhfreagrachtaí reachtúla ag an am céanna.

Deirdre Murray

# MAIDIR LE NCRI

## Bunú

Bunaíodh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (an 'Bord') le hOrdú Reachtúil 19 de 1991, 'An tOrdú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991' ('an tOrdú') faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961. Comhlíonann an Bord a fhreagrachtaí reachtúla go léir tríd an gClárlann Náisiúnta Ailse ('NCRI'). Leasaíodh an tOrdú trí huaire:

- in 1996 le I.R. Uimh. 293/1996 (An tOrdú um an Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991 (Leasú));
- in 2009 leis an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009;
- in 2011 le I.R. Uimh. 418/2011 (an tOrdú Airgeadais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2011).

## Feidhmeanna Reachtúla

Is iad feidhmeanna reachtúla an Bhoird, mar a leagtar amach san Ordú:

| | |
|---|---|
| **Bailiú** | Faisnéis a bhaineann le minicíocht agus leitheadúlacht na hailse agus siadaí gaolmhara in Éirinn a shainaithint, a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh, a stóráil agus a anailísiú. |
| **Anailísiú** | Faisnéis a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh agus a stóráil i ndáil le gach othar ailse aonair nua-dhiagnóisithe agus i ndáil le gach siad. |
| **Cur chun cinn** | Cur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar úsáid na sonraí a bhailítear ar an gcaoi sin i dtionscadail fhormheasta taighde agus maidir le pleanáil agus bainistiú seirbhísí. |
| **Foilsiú** | Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar ghníomhaíochtaí na Clárlainne. |
| **Comhairle** | Comhairle, faisnéis agus cúnamh a thabhairt don Aire Sláinte i ndáil le haon ghné den tseirbhís sin. |

## An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse

Is comhlacht reachtúil é an Bord a bunaíodh in 1991 faoin Ordú mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí (mar a bhí an tráth sin). Seachtar comhaltaí a bhíonn ar an mBord agus ceapann an tAire Sláinte iad. Ba iad comhaltaí an Bhoird an 31 Nollaig 2024:



**An Dr Robert O'Connor**
Cathaoirleach an Bhoird



**An tOllamh Mark Lawlor**
Comhalta Boird



**Mary Bourke Uasal**
Comhalta Boird



**Ellen Farrell Uasal**
Comhalta Boird



**An tUasal Niall Murphy**
Comhalta Boird



**Cathy Enright Uasal**
Comhalta Boird

D'éirigh an Dr Jerome Coffey as a phost mar Chathaoirleach an Bhoird i mí an Mheithimh 2024 agus ceapadh an Dr Robert O'Connor ina Chathaoirleach nua i mí na Samhna 2024.

## Cad a dhéanann NCRI?

Bíonn NCRI ag obair thar ceann na Roinne Sláinte agus bailíonn sé faisnéis ó gach ospidéal in Éirinn ar líon na ndaoine a diagnóisíodh le hailse agus ar na cineálacha ailse atá orthu. Ina theannta sin, déanann NCRI faireachán ar an líon daoine a fhaigheann bás de bharr ailse a bheith orthu nó ar chúiseanna eile. Baintear faisnéis phearsanta agus phríobháideach uile na n-othar sula ndéantar achoimrí a ullmhú ar na staitisticí ailse agus ansin cuirtear ar fáil do ghairmithe poiblí agus gairmithe sláinte iad sa tuarascáil bhliantúil uainn ar ailse agus sna tuarascálacha eile ar ár suíomh gréasáin.

## Conas a thuairiscítear na huimhreacha?

Idir phróisis láimhe agus phróisis leictreonacha a úsáidtear chun an fhaisnéis go léir a bhailiú agus a sheiceáil. Bailíonn ár mbaill foirne faisnéis faoi dhiagnóisí ailse agus ansin úsáideann siad córas comhaontaithe códaithe (Aicmiú Idirnáisiúnta Galar) chun na cásanna ailse a ghrúpáil ina gcineálacha éagsúla. Déantar cineálacha éagsúla faisnéise a thiomsú ó ospidéil na hÉireann agus iad a fhíorú lena chinntiú go bhfuil siad cruinn, agus ansin déantar anailís ar shonraí a bhfuil na gnéithe aitheantais bainte astu agus foilsítear an tuarascáil bhliantúil.


## Cé mhéad duine a diagnóisíodh le hailse?

- Ar an meán, diagnóisíodh 41,654 cás ailse nó siad gaolmhar gach bliain le linn na tréimhse 2020-2022.
- Ba é an figiúr ba mhinice a luadh i gcomparáidí idirnáisiúnta (‘gach ailse ionrach, gan ailse chraicinn nach meileanóma í san áireamh’) ná 24,207 cás (12,925 fear agus 11,282 bean) a diagnóisíodh in aghaidh na bliana le linn 2020-2022, nó 58% de na siadaí go léir a cláraíodh. Is ailsí ionracha iad sin a athraíonn saol daoine agus ar minic a bhíonn cóireáil fhairsing ag teastáil ina leith.
- Ailse chraicinn nach meilanóma í a bhí i gceist le 24% de na cásanna ailse go léir a cláraíodh (beagnach 1 chás amháin as gach 4 cinn).
- Neoplasmaí neamh-ionracha a bhí i gceist le thart ar 18% (beagnach 1 as gach 5 chás) díobh sin (carcanómaí in situ, siadaí a mbaineann iompraíocht neamhchinnte leo agus siadaí neamhurchóideacha san inchinn agus i lárchóras na néaróg).

## Cé mhéad duine a fhaigheann bás den ailse?

Ar an meán fuair 9,797 duine bás in aghaidh na bliana mar gheall ar ailse ionrach (5,246 fear, 4,551 bean) le linn na tréimhse 2020-2022, agus fuair 10,041 duine bás in aghaidh na bliana de bharr aon chineál siada.

## Cairt Eagraíochta




## Ár ndaoine

Is í foireann dhíograiseach, ghradamach NCRI bunchloch an mhisin atá againn i dtaobh torthaí ailse a fheabhsú trí shonraí a bhailiú agus anailís chuimsitheach a dhéanamh orthu. Gairmithe oilte ó chúlraí éagsúla is ea na baill foirne agus tá siad tiomanta don cháilíocht, don chomhoibriú agus don mhuinín. Is iad a saineolas agus a ndíograis a spreagann tionscnaimh NCRI, rud a chuireann ar a cumas don eagraíocht léargais luachmhara a chur ar fáil lena dtacaítear le taighde ailse agus le tionscnaimh sláinte poiblí. Is cúis bhróid ag NCRI é timpeallacht oibre thacúil a chothú inar féidir le daoine dul chun cinn a dhéanamh agus barr a gcumais a bhaint amach ina róil. Ochtar atá san Fhoireann Ardbhainistíochta agus tá siadsan i gceannas ar fhoireann ina bhfuil thart ar 50 ball foirne, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha, agus iad lonnaithe ar fud na hÉireann.



Foireann Ardbhainistíochta
NCRI 2024

## An Chomhairle Chomhairleach

Feidhmíonn an Chomhairle Chomhairleach mar chomhlacht comhairleach ríthábhachtach do NCRI: tugann sí treoir shaineolach agus treo straitéiseach chun a thionscnaimh agus a oibríochtaí a fheabhsú. Tá páirtithe leasmhara ó an-chuid réimsí éagsúla ar an gComhairle, agus gairmithe cúraim sláinte, taighdeoirí agus ionadaithe othar ina measc. Trí leas a bhaint as saineolas a comhaltaí go léir, cuidíonn an Chomhairle linn tionchar NCRI a neartú maidir le léargas den scoth a thabhairt ar na sonraí chun feabhas a chur ar na torthaí ailse. Leis an gcur chuige comhoibríoch sin, neartaítear tionchar na dtionscnamh a mbíonn NCRI ag obair orthu agus cinntítear go mbíonn na léargais sonraí a ghintear ábhartha agus inghníomhaithe. Tá tiomantas na Comhairle Comhairlí i dtaobh nuálaíocht agus comhoibriú a chothú ríthábhachtach chun dul i ngleic le castacht na cóireála ailse, rud a fhágann gur sócmhainn thábhachtach í don eagraíocht.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is fochoiste foirmiúil den Bhord é an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, a bhfuil freagracht mhór air maidir le sláine, trédhearcacht agus cuntasacht oibríochtaí na heagraíochta a chosaint. Tá ról ríthábhachtach ag an gcoiste sin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, agus é á chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais uile cruinn, iontaofa agus i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta chuí. Ina theannta sin, déanann an coiste measúnú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, agus sainaithníonn sé aon laigí a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeadh an eagraíocht nochta do rioscaí airgeadais nó rioscaí oibríochtúla. Cinntíonn sé freisin go gcomhlíontar dlíthe agus rialacháin ábhartha, rud a chosnaíonn NCRI ó dhúshláin dhlíthiúla agus rialála féideartha. Ina theannta sin, déanann an coiste meastóireacht ar na rioscaí éagsúla a bhaineann le gníomhaíochtaí NCRI, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibríochtúla agus clú, agus forbraíonn sé straitéisí chun na rioscaí sin a mhaolú ar bhealach éifeachtach. Trí na freagrachtaí sin a chomhlíonadh, ní hamháin go bhfeabhsaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca creat rialachais foriomlán na heagraíochta ach spreagann sé muinín i measc páirtithe leasmhara maidir le fóntacht oibríochtaí NCRI agus a thiomantas do chleachtais eiticiúla.

# FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

Tá fís, misean agus príomhluachanna NCRI ríthábhachtach i leith na slí a bhfeidhmíonn sé. Cuireann siad cuspóir NCRI in iúl, tugann siad léargas ar a bhfuil súil aige a bhaint amach agus léiríonn siad na prionsabail agus an eitic is bonn leis

## Fís agus Misean

### Ár bhFís

Léargas den scoth ar shonraí le haghaidh torthaí ailse níos fearr

### Ár Misean

Faisnéis chuimsitheach a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh chun torthaí ailse a fheabhsú

## Príomhluachanna

### Meas

Is le dínit, meas agus béasa a chaithimid le gach duine

### Muinín

Bímid ionraic agus déanaimid beart de réir ár mbriathair

### Díograis

Bímid dúthrachtach díograiseach faoinár gcuid oibre agus is cúis bhróid againn í

### Comhar

Cothaímid cumarsáid oscailte, éistimid go gníomhach le daoine eile agus bímid ag obair i gcomhar le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara

### Rúndacht

Cosnaímid faisnéis íogair agus faisnéis phearsanta i gcomhréir leis an dea-chleachtas

### Cáilíocht

Táimid meáite ar fheabhas leanúnach a bhaint amach chun sonraí ailse atá cruinn, tráthúil a sholáthar


# STRAITÉIS

## Forléargas

Leagtar amach le straitéis chorparáideach NCRI treo soiléir don todhchaí agus bearta chun a mhisean agus a fhís a chur chun cinn. Spreagann an straitéis nuálaíocht agus feabhsaíonn sí éifeachtúlacht oibríochtúil. Trína straitéis, athdhearbhaíonn NCRI an ról atá aige mar fhoinse iontaofa sonraí ailse na hÉireann, a sholáthraíonn léargais ríthábhachtacha lena spreagtar an dul chun cinn maidir le cúram ailse agus lena bhfeabhsaítear torthaí na n-othar.

## Straitéis Nua

In 2024, sheol NCRI a straitéis i leith na tréimhse 2024-2026. I gcroílár na straitéise sin tá fís i dtaobh léargas den scoth a bhunú ar shonraí le haghaidh torthaí ailse níos fearr a bhaint amach.






## Cuspóirí Straitéiseacha

Bunaítear cúig chuspóir straitéiseacha i straitéis 2024-2026, mar atá thíos:

1. Léargas cuimsitheach a thabhairt ar aistear ailse an othair.

2. A bheith inár bhfoinse neamhspleách, shaineolach, iontaofa i dtaobh sonraí ailse agus treochtaí i leith na hailse.

3. Cumais taighde a fheabhsú agus líonraí taighde bríomhara comhoibríocha a fhorbairt in Éirinn agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

4. A bheith ar thús cadhnaíochta maidir le bonn eolais a chur faoi rialáil faisnéise sláinte agus tionscnaimh dhigiteacha sláinte a chur i bhfeidhm.

5. A bheith ar thús cadhnaíochta maidir le bonn eolais a chur faoi rialáil faisnéise sláinte agus tionscnaimh dhigiteacha sláinte a chur i bhfeidhm.

# 2024 IN UIMHREACHA

## Sracfhéachaint

**55,500**
Siad cláraithe

**24,200**
Siad ionrach cláraithe

**35**
Foinse óna bhfaighimid sonraí leictreonacha

**95%**
% na siadaí a cláraíodh go leictreonach

**107**
Láthair óna mbailímid sonraí

**88,884**
Deimhniú báis faighte ó CSO agus meaitseáilte go hiomlán

---

**11**
Fhoilseachán piarmheasúnaithe

**200+**
Iarraidh ar shonraí próiseáilte

**3**
Thuarascáil foilsithe

**76**
Alt sna meáin inar luadh sonraí NCRI

**24**
Grafaic faisnéise foilsithe

**31**
Preaseisiúint agus alt nuachta foilsithe

**12**
Imeacht, ceardlann agus cur i láthair

**219**
Postáil ar na meáin shóisialta

**7**
gCeist Pharlaiminte freagartha

**10**
Nuachtlitir foirne seolta

---

**2**
Mhórghradam buaite

**9**
Fostaithe nua

**54**
Fostaí


**4**
Imithe ar scor

**31%**
I% Feabhas ar chumarsáid inmheánach
(de réir suirbhé GPTW)

# Láithreacha óna mbailíonn NCRI sonraí

**107**

láthair óna mbailímid sonraí



# ÉACHTAÍ

## Á cheiliúradh go bhfuilimid ag Bailiú Sonraí le 30 Bliain anuas

Bhíomar á cheiliúradh in 2024 go bhfuilimid ag bailiú sonraí le 30 bliain anuas. Le 30 bliain anuas, tá dul chun cinn mór déanta ag Éirinn maidir le rialú ailse, agus tá athrú ó bhonn bainte amach maidir le diagnóisí, cóireáil agus fad saoil d'othair ar fud na tíre. Bhí bailiú sonraí ailse agus anailís agus taighde orthu ina ghné bhunúsach den éacht sin, agus is amhlaidh a bheidh sna blianta tá romhainn freisin.





## Gradaim

Ba chúis bhróid ag NCRI gur bhaineamar aitheantas amach in 2024 mar Áit Iontach Oibre (Great Place to Work™), rud a léiríonn ár ndíograis i leith cultúr dearfach a chothú san ionad oibre. Ina theannta sin, fuair NCRI an gradam mór le rá IBEC Keep Well Mark, mar gheall ar an mbéim a leagann sé ar shláinte agus folláine a chur chun cinn san eagraíocht. Is teist iad na gradaim sin ar iarrachtaí leanúnacha NCRI timpeallacht iontach a chothú dá bhaill foirne agus dá pháirtithe leasmhara.


# CLÁRÚCHÁN AILSE








# COMHTHÁTHÚ SONRAÍ







# CUMARSÁID



Cumarsáid
31 preasráiteas agus alt nuachta
Feabhas 37% ar chumarsáid inmheánach
Athnuachan ar an mBranda
Beartas inrochtaineacht a digití
Plean cumarsáide 2024 – 2026
12 imeacht comhdhála agus ceardlann
10 nuachtlitir foirne
230+ iarraidh ar eolas bainistithe
219 postáil ar na meáin shóisialta

# TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE




# TAIGHDE AGUS ANAILÍS





# COSAINT SONRAÍ





# BABHTAÍ COMHAIR AGUS SAOTHAR


## Comhar

Is luach lárnach de chuid na Clárlainne Náisiúnta Ailse é an comhar: comhpháirtíochtaí a chothú lena bhfeabhsaítear comhroinnt sonraí, tionscnaimh thaighde, agus iarrachtaí comhchoiteanna chun cosc agus rialú ailse a chur chun cinn. Le linn 2024, rannchuidigh NCRI le roinnt tionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cabhrú le clárúchán ailse a fheabhsú, taighde a chur chun cinn, agus torthaí ailse a fheabhsú sa tír seo agus thar lear.




## Tuarascálacha a Foilsíodh in 2024


Mar chuid dá mhisean faisnéis chuimsitheach a scaipeadh chun torthaí ailse a fheabhsú, ullmhaíonn NCRI go leor cineálacha tuarascálacha agus foilseachán i rith na bliana.









## Páipéir Phiarmheasúnaithe 2024

Páipéir eolaíochta phiarmheasúnaithe le baill foirne de chuid NCRI a foilsíodh in irisí éagsúla le linn 2024:


1. Botta L, Capocaccia R, Bernasconi A, et al. Estimating cure and risk of death from other causes of cancer patients: EUROCARE-6 data on head & neck, colorectal, and breast cancers. Eur J Cancer. 2024;208:114187. doi:10.1016/j.ejca.2024.114187

2. Zhang M, Kelly C, McCarthy T, et al. Examining the COVID-19 impact on cancer surgery in Ireland using three national data sources. Glob Epidemiol. 2024;8:100159. doi:10.1016/j.gloepi.2024.100159

3. Morgan E, O'Neill C, Bardot A, et al. Collecting Long-Term Outcomes in Population-Based Cancer Registry Data: The Case of Breast Cancer Recurrence. JCO Glob Oncol. 2024;10:e2400249. doi:10.1200/GO-24-00249

4. Bambury N, Zhang M, McCarthy T, et al. Impact of the COVID-19 pandemic on electronic referrals to rapid access clinics for suspected breast, lung and prostate cancers in Ireland. Eur J Public Health. 2024;34(5):908-913. doi:10.1093/eurpub/ckae092

5. Millar SR, Mohamed MB, Mykytiv V, et al. Blood Cancer Network Ireland (BCNI) and National Cancer Registry Ireland (NCRI) collaboration: challenges and utility of an Enhanced Blood Cancer Outcomes Registry (EBCOR) pilot. Ir J Med Sci. Foilsithe ar líne an 20 Iúil, 2024. doi:10.1007/s11845-024-03756-9


6. Sexton GP, Hintze JM, Walsh P, et al. Epidemiology and management of oral cavity squamous cell carcinoma in Ireland. Am J Otolaryngol. 2024;45(3):104235. doi:10.1016/j.amjoto.2024.104235


7. Keogh RJ, Harvey H, Brady C, et al. Dealing with digital paralysis: Surviving a cyberattack in a National Cancer center. J Cancer Policy. 2024;39:100466. doi:10.1016/j.jcpo.2023.100466

8. McFeely O, Walsh PM, Desmond R, et al. Incidence of cutaneous T-cell lymphoma in the Republic of Ireland between 1994 and 2019. J Eur Acad Dermatol Venereol. 2024;38(2):e145-e147. doi:10.1111/jdv.19497

## Grafaicí faisnéise a ullmhaíodh in 2024

Is bealach iad grafaicí faisnéise chun faisnéis faoi ailse a chur i láthair ar bhealach simplí, suimiúil. Ullmhaíonn NCRI grafaicí faisnéise go rialta nuair a bhíonn tuarascálacha á seoladh, i gcomhair dátaí tábhachtacha maidir le feasacht ar ailse agus i gcomhair imeachtaí a bhaineann le hailse.



# RÁITEAS CORPARÁIDEACH

## 1. Feidhmíocht agus Maoirseacht

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (an 'Cód Cleachtais'), tá comhaontuithe maoirseachta agus feidhmíochta i scríbhinn ag NCRI leis an Roinn Sláinte don tréimhse 2023-2024, ina sainítear go soiléir na róil faoi seach atá ag an Roinn agus NCRI, na freagrachtaí atá orthu, agus téarmaí an chaidrimh sin. Leagtar amach sna Comhaontuithe freisin na socruithe maidir le rialachas éifeachtach, cistiú agus riarachán ginearálta NCRI de réir an Chóid Chleachtais. Níl aon mhaoluithe ar an gCód Cleachtais ná eisceachtaí air aontaithe leis an Roinn Sláinte.

Ag teacht le ceanglais an Chóid Chleachtais, rinneadh measúnú cuí ar phríomhrioscaí NCRI lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin agus na straitéisí agus na rialuithe maolaithe a ghabhann leo.

## 2. Caiteachas

Chomhlíon NCRI an Cód Caiteachais Phoiblí go hiomlán le linn 2024.

## 3. Éagsúlacht agus Cuimsiú

Bhí Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú fós ina dtosaíocht ag an eagraíocht in 2024, agus leagadh béim orthu inár gcultúr, ár ngníomhartha agus ár n-iompraíocht. Seo thíos roinnt tionscnamh ar thugadh fúthu:

- Oiliúint maidir le hÉagsúlacht agus Cuimsiú san Ionad Oibre.
- Tuairisciú maidir le Feasacht ar Mhíchumas – thuairiscíomar don Údarás Náisiúnta Míchumais sa chéad ráithe de 2024 go raibh míchumas dearbhaithe ag 4% dár bhfórsa saothair sa tréimhse 12 mhí roimhe sin.
- Tuairisciú ar an mBearna Phá idir Fir agus Mná.
- Tá an IBEC Keep Well Mark faighte againn as ár dtiomantas do leas na bhfostaithe.
- Fuaireamar aitheantas ó Great Place to Work® in 2024.

Amhail an 31 Nollaig 2024, seisear comhaltaí a bhí ar an mBord: triúr fear (50%) agus triúr ban (50%). Folúntas amháin a bhí ann. Mar sin chomhlíon an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad ar fhir agus mná araon ar na Boird Stáit in 2024.

## 4. Comhionannas san Earnáil Phoiblí agus Cearta Daonna

Le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ceanglaítear ar chomhlacht poiblí, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá ann an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus cearta an duine atá ag a chomhaltaí, a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Le cuspóir straitéiseach NCRI a chumas eagraíochtúil a fheabhsú trí infheistíocht agus trí rialachas neartaithe, cinntítear go gcomhlíontar a dhualgas earnála poiblí faoin Acht.

## 5. Ídiú Fuinnimh

I mí na Samhna 2021, sheol an Rialtas an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide. Faoin bPlean, geallann Éire cloí leis an sprioc a bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa de tráth nach déanaí ná 2050, agus dearbhlaghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 (i gcomparáid le bonnlíne 2016-2018). Tá an sprioc sin ceangailteach ó thaobh an dlí.
Tá maoirseacht agus faireachán ar ár Straitéis Gníomhaithe ar son na hAeráide ina hábhar tosaíochta ag Bord agus Foireann Ardbhainistíochta NCRI. Chun féachaint chuige go ndéanfar spriocanna gníomhaíochta aeráide NCRI a chuimsiú, a chomhtháthú agus a bhaint amach, bunaíodh príomhróil ina leith sin ar fud na heagraíochta.

**Ídiú Fuinnimh NCRI agus Comhlíonadh**

Is i gcomhair aerchóiriú agus téimh a ídítear fuinneamh sa Chlárlann Náisiúnta Ailse den chuid is mó. I measc na nithe eile a ídíonn fuinneamh tá soilsiú, trealamh oifige agus lónadóireacht. Faoi chumhacht leictreachais atá siadsan go léir agus ní úsáidtear gás ná breoslaí iontaise chun críche ar bith. Ní féidir ídiú leictreachais a chionroinnt idir na húsáidí éagsúla sin, toisc gur as an soláthar céanna a thagann siad. In 2024, d’ídigh an Chlárlann Náisiúnta Ailse 56 MWh fuinnimh (2023 – 63 MWh), agus fuinneamh leictreach amháin a bhí i gceist.

## 6. Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (arna leasú)

Leanann NCRI lena chuid oibre i dtaobh na dualgais atá air faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú) a chomhlíonadh.

National Cancer Registry Ireland

# Ráitis Airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse

# Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

# Clár na nÁbhar

**Faisnéis** 3
**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird** 4
**Ráiteas ar Rialú Inmheánach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024** 8
***Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*** 10
**Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe** 12
**Ráiteas ar Staid an Airgeadais** 13
**Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** 14
**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 15**

## Faisnéis

**Seoladh Gnó**
Foirgneamh 6800, Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí,
Bóthar Chionn tSáile, Corcaigh, T12 CDF7

**Baincéirí**
Bainc-Aontas Éireann cpt, 66 An Meal Theas, Corcaígh, T12 Y822

**Iniúchóir**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath, D01 PF72

**Aturnaetha**
RDJ LLP, 85 An Meal Theas, Corcaigh, T12 TP8D

**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird**

## 1. Rialachas

Bunaíodh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse faoin Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 4 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil na Clárlainne Náisiúnta Ailse. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí móra ar dóigh a thiocfaidh chun cinn. Déanann an Stiúrthóir idirchaidreamh díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta na Clárlainne Náisiúnta Ailse.

## 2. Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chreat Rialachais, ina sonraítear na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird. Áirítear leis na míreanna seasta a bhreithníonn an Bord:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Le hAlt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991 ceanglaítear ar an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin más míchuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú, agus
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil ina nochtar, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991. Is é an Bord atá freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Clárlainne Náisiúnta Ailse.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a fhormheas. Déantar measúnú leanúnach ar fheidhmíocht na Clárlainne i gcomhréir leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Seachas neamhchomhlíonadh cheanglais FRS102 maidir le teidlíochtaí sochair scoir, measann an Bord go dtugtar léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Clárlainne Náisiúnta Ailse amhail an 31 Nollaig 2024 i ráitis airgeadais na Clárlainne Náisiúnta Ailse.

## 3. Struchtúr an Bhoird

Cathaoirleach agus seisear gnáthchomhaltaí a bhíonn ar an mBord, agus is é an tAire Sláinte a cheapann gach duine acu. Is ar feadh téarmaí éagsúla a ceapadh comhaltaí an Bhoird – sonraítear sa tábla thíos dátaí ceapacháin na gcomhaltaí atá in oifig faoi láthair:

| Ainm | Ról | Céadcheaptha | Athcheaptha | D'éirigh as | Téarma oifige thart |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Dr Jerome Coffey** | Cathaoirleach | 13/06/2017 | 15/02/2021 | 19/06/2024 | |
| **An Dr Robert O'Connor** | Cathaoirleach | 18/10/2024 | 15/02/2025 | | 14/02/2029 |
| **An Dr Robert O'Connor** | Comhalta Boird | 12/04/2019 | 05/04/2022 | ina Chathaoirleach | |
| **An tOllamh Mark Lawlor** | Comhalta Boird | 15/07/2021 | | | 14/07/2025 |
| **Mary Bourke Uasal** | Comhalta Boird | 15/07/2021 | | | 14/07/2025 |
| **Ellen Farrell Uasal** | Comhalta Boird | 04/05/2022 | | | 03/05/2026 |
| **An tUasal Niall Murphy** | Comhalta Boird | 16/01/2023 | | | 15/01/2027 |
| **Cathy Enright Uasal** | Comhalta Boird | 11/01/2024 | | | 10/01/2028 |
| **Folúntas amháin amhail an 31/12/2024** | | | | | |

**Athruithe Tábhachtacha Foirne**

D'éirigh Cathaoirleach an Bhoird as an bpost sin i rith na bliana agus, de réir an Ordaithe fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991, cheap an tAire cathaoirleach. Ós rud é gur comhalta den Bhord a bhí sa chathaoirleach nua cheana, cuireadh próiseas earcaíochta i bhfeidhm agus ba é an 18 Feabhra 2025 an dáta deiridh a leagadh síos.

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag an mBord, ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i dtaobh saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus i dtaobh an dearbhaithe ina leith sin. Tá CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na Clárlainne. Cinntíonn CIR go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Áirítear sa tuarascáil ó CIR don Bhord tar éis gach cruinnithe a mheasúnú ar chórais bainistíochta riosca. Cuireann CIR a thuairim faoi leorgacht na gcóras rialaithe inmheánaigh faoi bhráid an Bhoird gach bliain.

Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2024: Ellen Farrell Uasal (Cathaoirleach), Mary Bourke Uasal, an tUasal Niall Murphy agus an tUasal Cormac McSweeney (comhalta seachtrach).

Tionóladh ceithre chruinniú de CIR in 2024 ach ní raibh córam i láthair ag an gcruinniú i mí na Nollag. Reáchtáladh an cruinniú sin mar chruinniú faisnéise agus pleanála, agus níor glacadh aon chinntí.

## 4. Sceideal Tinrimh agus Táillí

Leagtar amach thíos sceideal maidir leis an tinreamh ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste don bhliain 2024. Ní íoctar aon táillí le haon chomhalta Boird i leith cruinnithe.

| Ainm | | An Bord | CIR |
|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | | 6 | 4* |
| An Dr Jerome Coffey | | 4/4 | N/B |
| An Dr Robert O'Connor | | 6/6 | N/B |
| An tOllamh Mark Lawlor | | 3/6 | N/B |
| Ellen Farrell Uasal | | 6/6 | 4/4 |
| Mary Bourke Uasal | | 5/6 | 3/4 |
| An tUasal Niall Murphy | | 5/6 | 3/4 |

* Ní raibh córam i láthair ag cruinniú mhí na Nollag den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR).

## 5. Nochtadh a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Chlárlann Náisiúnta Ailse ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

### 5.1 Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Tá sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe a bhí os cionn €60,000 sonraithe i nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### 5.2 Costais Chomhairleoireachta

Áirítear sna costais chomhairleoireachta a shonraítear i nóta 13 a ghabhann leis na ráitis airgeadais an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta. Ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe ar gnáthchuid den ghnó iad.

### 5.3 Costais Dlí agus Socraíochtaí

Caiteachas €0 in 2024 (€0 in 2023) a bhí i gceist sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair an Chlárlann Náisiúnta Ailse, rud a nochtar sna Costais Chomhairleachta thuas.

### 5.4 Caiteachas ar Fháilteachas

Caitheadh €1,908 ar fháilteachas don Bhord agus do na baill foirne in 2024 (€0 in 2023).

### 5.5 Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil

Cuimsítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an caiteachas seo a leanas ar Thaisteal agus Cothú:

| | In Éirinn | Thar Lear | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Fostaithe | €14,981 | €4,557 | €19,538 |
| An Bord | €664 | €0 | €664 |
| | €15,645 | €4,557 | €20,202 |

## 6. Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go bhfuil an Cód sin á chomhlíonadh.

Chomhlíon an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i leith na bliana 2024.

Thar ceann an Bhoird

Dáta: 15 Aibreán 2025

An Dr Robert O'Connor
Cathaoirleach

Dáta: 15 Aibreán 2025

Ellen Farrell,
Comhalta Boird

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024**

## 1. Scóip na Freagrachta

Thar ceann Chlárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann (NCRI), admhaím an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a fheidhmiú. Áirítear leis an bhfreagracht sin na ceanglais a shonraítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun rioscaí a bhainistiú ionas gur ar leibhéal inghlactha a bheidh siad, seachas gan riosca ar bith a bheith ann. Ní féidir, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt faoin gcóras go ndéanfar sócmhainní a chosaint, go ndéanfar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go ndéanfar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm in NCRI i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus go dtí an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas.

## 3. Cumas maidir le Rioscaí a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag NCRI a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin air, a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2024.
Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí sheachfhoinsithe bunaithe ag an gClárlann Náisiúnta Ailse a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a reáchtálann clár oibre arna chomhaontú leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá beartas agus nós imeachta bainistíochta riosca formheasta ag an mBord ina leagtar amach an fonn riosca atá ar NCRI agus na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na mball foirne ó thaobh rioscaí de. Eisíodh an beartas do gach ball foirne agus bítear ag súil leis go mbeidh na baill foirne ag cloí le beartais bainistíochta riosca NCRI, go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí ó thaobh rialaithe de, agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

## 4. An Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag NCRI faoina sainaithnítear agus a thuairiscítear príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.
Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag NCRI agus rinneadh na rioscaí sin a aithint, mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú rialta ar na rioscaí, de réir mar is cuí, ar leibhéil éagsúla laistigh den eagraíocht lena n-áirítear an lucht bainistíochta, CIR, agus an Bord. Úsáidtear na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht a shanntar do bhaill foirne ar leith as feidhmiú na rialuithe. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus cuntasacht dá réir,
- tá córas buiséadaithe cuí ann agus buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

I rith 2024, ag teacht le beartas an rialtais, d’fheidhmigh an chuid is mó d’fhoireann NCRI de réir samhail oibre cumaisc agus iad ag caitheamh cuid den am san oifig agus cuid de ag obair ón mbaile. Tá córais agus rialuithe bunaithe ag NCRI a thacaíonn leis an obair ó áiteanna éagsúla agus leis an gcianobair. Rinneadh faireachán rialta ar bhagairtí féideartha slándála agus rialaithe agus tugadh aghaidh orthu. Bhí NCRI in ann leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí gan cur isteach agus gan ach mionathruithe a dhéanamh ar phróisis riosca agus rialaithe.

**5. Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach** Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh i dtaobh an rialaithe de in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh, agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn leanúnach:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a aimsítear,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuairiscí feidhmíochta agus airgeadais, idir chinn thréimhsiúla agus chinn bhliantúla, lena léirítear an fheidhmíocht i gcomparáid leis na buiséid/réamhaisnéisí.

**6. Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NCRI lena chinntiú go gcomhlíonfar na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaobh soláthair agus gur chomhlíon NCRI na nósanna imeachta sin in 2024.

**7. Athbhreithniú ar éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NCRI chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. An faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann NCRI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tá siad bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre siúd, agus lucht ardbhainistíochta na Clárlainne atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith 2024. Bhreithnigh an Bord é sin an 15 Aibreán 2025.

**8. Fadhbanna rialuithe inmheánaigh**

D'ainneoin nach raibh córam i láthair ag ceann amháin de na ceithre chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, táim sásta gur chomhlíon an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a ról go hiomlán. Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2024 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse

Robert O'Connor

__________________________ Dáta: 15 Aibreán 2025

An Dr Robert O'Connor
Cathaoirleach

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais i leith an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse

### Tuairim choinníollach maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* – agus cuimsítear leo:

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim choinnithe
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is mo thuairimse, seachas i gcás neamhchomhlíonadh cheanglais FRS 102 maidir le teidlíochtaí sochair scoir, rud dá dtagraítear thíos, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas i leith 2024 i gcomhréir le FRS 102.

### *An bunús atá leis an tuairim choinníollach maidir leis na ráitis airgeadais*

De réir na dtreoracha ón Aire Sláinte, ní choinníonn an Bord cuntas ar chostais na dteidlíochtaí sochair aoisliúntais go dtí go mbíonn siad iníoctha. Ní chloíonn sé sin le FRS 102, faoina gceanglaítear go n-aithneofar sna ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochair scoir a tuilleadh sa tréimhse agus an dliteanas fabhraithe ar an dáta tuairiscithe. Ní dhearnadh cainníochtú ar éifeacht an neamhchomhlíonta ar ráitis airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse i leith na bliana 2024.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaracha. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leordhóthanach agus gur cuí í an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bunús a chur faoin tuairim uaim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais ag an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gComhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. San aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm i leith tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar chúrsaí áirithe eile a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachta.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Mark Brady

**Mark Brady**
**Thar ceann an Ard-Reachtaire**
**Cuntas agus Ciste agus ar a shon**

**30 Aibreán 2025**

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Na Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí Boird

Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó na Comhaltaí Boird, tá freagracht ar na Comhaltaí Boird as an méid seo a leanas:

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991
- a áirithiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheas an bhfuil sé cuí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, agus
- cibé rialú inmheánach a chinnfidh siad is gá ionas go bhféadfaí ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

## Na Freagrachtaí atá ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoi alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ceanglaítear orm iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse agus tuairisc ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé ina chuspóir agam leis an iniúchadh sin dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí, in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a chothú ar feadh an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a shainaithint agus a mheasúnú; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí is atá an rialú inmheánach.
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Tugaim breith ar a oiriúnaí a bhí sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras nach beag a chaitheamh ar an gcumas atá ag an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse ó thaobh leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leanúnach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ceanglaítear orm aird a dhíriú sa tuarascáil uaim ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uaim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh ar theagmhais nó dálaí amach anseo, áfach, go scoirfidh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Téim i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chuimsítear sa tuairim uaim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe ina taobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dom, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndealraíonn sé go ndearnadh míráiteas ábhartha ina taobh ar shlí eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le Comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc ina dtaobh más rud é go n-aimsím nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht le linn an iniúchta teacht ar fhianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc air má aimsím cás ábhartha ar bith inarb amhlaidh nach raibh airgead poiblí á úsáid chun na críocha a bhí beartaithe ina leith nó cás ar bith inarb amhlaidh nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis arna rialú.

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| An Roinn Sláinte | **2** | 4,434,839 | 4,266,628 |
| Ranníocaíochtaí Sochair Scoir | | 91,177 | 95,519 |
| Ioncam Eile | **3** | 145,076 | 231,371 |
| **Ioncam Iomlán** | | 4,671,092 | 4,593,518 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | **4** | 3,777,060 | 3,510,223 |
| Costais Riaracháin | **5** | 978,623 | 955,947 |
| Taisteal agus Cothabháil | | 20,202 | 43,124 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 4,775,885 | 4,509,294 |
| | | | |
| **Barrachas na bliana roimh leithreasaí** | | (104,793) | 84,224 |
| | | | |
| Aistriú (chuig an)/ón gcuntas caipitil | **9** | 21,091 | (23,388) |
| | | | |
| **Barrachas na bliana tar éis leithreasaí** | | (83,702) | 60,836 |
| | | | |
| Iarmhéid ar aghaidh an 1 Eanáir | | 270,296 | 209,460 |
| | | | |
| **Iarmhéid ar aghaidh an 31 Nollaig** | | **186,594** | **270,296** |

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh i leith na bliana.

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid ar leathanach 14 agus na nótaí ar leathanaigh 15 – 25, is cuid de na ráitis airgeadais seo iad.

Thar ceann an Bhoird:

An Dr Robert O'Connor
Cathaoirleach

Dáta:15 Aibreán 2025

Ellen Farrell
Comhalta Boird

Dáta: 15 Aibreán 2025

## Ráiteas ar Staid an Airgeadais
## Amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | **6** | 189,280 | 210,370 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Méideanna Infhála agus Réamhíocaíochtaí | **7** | 282,883 | 167,633 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 270,262 | 370,712 |
| **Ioncam Iomlán** | | 553,145 | 538,345 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Asbhaintí do na Coimisinéirí Ioncaim agus Párolla | | 102,860 | 99,779 |
| Méideanna Iníoctha Eile | | 73,913 | 37,033 |
| Fabhruithe | | 173,286 | 113,924 |
| Deontais a fuarthas roimh ré | **8** | 16,492 | 17,312 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 366,551 | 268,048 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 186,594 | 270,297 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **375,874** | **480,667** |
| **Lena léirítear:** | | | |
| Cuntas Caipitil | | 189,280 | 210,371 |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | | 186,594 | 270,296 |
| | | **375,874** | **480,667** |

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid ar leathanach 14 agus na nótaí ar leathanaigh 15 – 25, is cuid de na ráitis airgeadais seo iad.

Thar ceann an Bhoird:

An Dr Robert O'Connor
Cathaoirleach

Dáta: 15 Aibreán 2025

Ellen Farrell
Comhalta Boird

Dáta: 15 Aibreán 2025

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas an Ioncaim ar an gCaiteachas | (83,702) | 60,836 |
| Dímheas agus Lagú na Sócmhainní Seasta | 141,929 | 205,240 |
| Aistriú ón / (chuig an) gCuntas Caipitil | (21,091) | 23,388 |
| (Méadú) / Laghdú ar Mhéideanna Infhála | (115,250) | 51,989 |
| Méadú / (Laghdú) ar Mhéideanna Iníoctha | 98,503 | 40,146 |
| **Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | 20,389 | 381,599 |
| | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | (120,839) | (228,628) |
| Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe | - | - |
| | (120,839) | (228,628) |
| **Glanmhéadú / (Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | (100,450) | 152,971 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir 2024 | 370,712 | 217,741 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig 2024** | **270,262** | **370,712** |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na príomhbheartais chuntasaíochta a ghlac an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

#### a) Faisnéis Ghinearálta

Bhunaigh an tAire Sláinte an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (an Chlárlann) in 1991 faoi I.R. Uimh. 19/1991 – An tOrdú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991. Bunaíodh an Chlárlann chun faisnéis a thaifeadadh maidir le gach cás ailse a tharlaíonn in Éirinn agus tá a leithéid de shonraí á mbailiú aici ó 1994 i leith. Leagadh síos a feidhmeanna sa reachtaíocht in 1991, rinneadh leasú orthu in 1996 agus sonraítear anseo thíos iad:

- Faisnéis a bhaineann le minicíocht agus leitheadúlacht na hailse agus siadaí gaolmhara in Éirinn a shainaithint, a bhailiú, a rangú, a thaifeadadh, a stóráil agus a anailísiú.
- Faisnéis a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh agus a stóráil i ndáil le gach othar ailse aonair nua-dhiagnóisithe agus maidir le gach siad.
- Cur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar úsáid na sonraí a bhailítear ar an gcaoi sin i dtionscadail fhormheasta taighde agus i bpleanáil agus i mbainistiú seirbhísí.
- Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú faoi ghníomhaíochtaí na Clárlainne.
- Comhairle, faisnéis agus cúnamh i ndáil le haon ghné den tseirbhís sin a thabhairt don Aire.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí í an Chlárlann.

#### b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais NCRI don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 (an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn) arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna mhodhnú le treoracha ón Aire i ndáil le haoisliúntas. De réir na dtreoracha ón Aire, ní thugann an Bord cuntas ar chostais na dteidlíochtaí aoisliúntais ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha. [Féach Beartas Cuntasaíochta (i)].
Níl an bonn cuntasaíochta sin ag luí le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, faoina gceanglaítear go n-aithneofar costais den sórt sin sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí.

#### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm atá formheasta ag an Aire Sláinte le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991.
Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Clárlainne.

#### d) Ioncam

Deontais Oireachtais

Aithnítear Deontais Ioncaim ar bhonn fáltas airgid. Aistrítear deontais chaipitil chuig Cuntas Caipitil agus déantar iad a amúchadh thar an tréimhse chéanna a ndéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas ina leith.

**e) Deontais Taighde**

Aithnítear deontais taighde sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas comhfhreagrach agus tugtar cuntas orthu mar Ioncam Eile.

**f) Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú i dtaobh aon soláthar i gcomhair lagú. Sanntar muirear dímheasa iomlán 12 mhí i mbliain na fála do shócmhainní a fhaightear. Soláthraítear dímheas ar gach maoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse agus saothair ealaíne, ag rátaí a mheastar lena ndíscríobhfar an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dhíreach thar an tsaolré ionchais a mheastar a bheidh acu, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Daingneáin agus Feistis: | 20% in aghaidh na bliana |
| (ii) | Trealamh Oifige: | 20% in aghaidh na bliana |
| (iii) | Crua-Earraí Ríomhaire: | 25% in aghaidh na bliana |
| (iv) | Bogearraí Ríomhaire: | 33% in aghaidh na bliana |

Léiríonn an luach iarmharach an méid a mheastar a gheofaí faoi láthair dá ndéanfaí an tsócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mba amhlaidh cheana féin go raibh an tsócmhainn san aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré ionchais.
Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas de bharr lagú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i leith na bliana.

**g) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas ar an gcíos faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar ré an léasa.

**h) Sochair Fostaithe**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr um Méideanna Iníoctha Eile sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

**i) Sochair Scoir**

Ar bhonn ordú ón Aire, níl aon soláthar déanta maidir le sochair fabhraithe a bheidh iníoctha sna blianta atá le teacht faoi Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe agus an Scéim do Chéilí agus Leanaí a ghabhann léi, agus faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill den Scéim do Chéilí agus Leanaí a chur chun sochair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a fhaightear iad. Is nuair a bhíonn siad iníoctha a ghearrtar íocaíochtaí Sochair Scoir ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Na daoine go léir a théann isteach sa tseirbhís phoiblí le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, is baill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair iad, faoina n-íoctar asbhaintí pinsin na bhfostaithe go léir leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe tráth a n-íoctha.

**j) Breithiúnais agus Meastacháin Rí-thábhachtacha Chuntasaíochta**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus boinn tuisceana a ghlacadh a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus do na méideanna a thuairiscítear i leith ioncaim agus speansas i rith na bliana. Is é is dual don mheastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Seo iad na breithiúnais a raibh an tionchar ba mhó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**k) Cuntasaíocht Chaipitil**

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire, gearrtar caiteachas ar shócmhainní seasta breise ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais nó ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitil, ag brath ar cibé an le caipiteal nó as na cistí ioncaim a íocfar as an tsócmhainn. Déileálfar mar shócmhainn sheasta freisin le Trealamh Ríomhaireachta/TFC os cionn €2,000 agus Trealamh eile os cionn €7,000 a íoctar ón Ioncam.

l) **Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir, agus ar shaolré eacnamaíoch ionchais agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus chinn siad go bhfuil saolré agus luachanna iarmharacha iomchuí sannta i leith na sócmhainní.

**2. An Roinn Sláinte**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontas Ioncaim (Vóta 38, Fotheideal B.1) | 4,314,000 | 4,038,000 |
| Deontas Caipitil (Nóta 9) | 120,839 | 228,628 |
| | 4,434,839 | 4,266,628 |

**3. Ioncam Eile**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Deontais Taighde** | | |
| Éifeachtaí COVID | 34,368 | 59,507 |
| HRB (CARG) | - | 28,813 |
| BCNI | - | 40,923 |
| Orion | 3,015 | - |
| Aspire | 36,066 | - |
| | 73,449 | 129,243 |
| **Deontais nach i gcomhair Taighde iad** | | |
| An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (NSS) | 71,627 | 102,128 |
| | **145,076** | **231,371** |

Féach Nóta 8 thíos le haghaidh na ngluaiseachtaí agus na n-iarmhéideanna gaolmhara.

**4. Costais Foirne**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| ***Ba é meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana ná:*** | | |
| | **Líon** | **Líon** |
| Stiúrthóir | 1 | 1 |
| Taighde agus Anailís, Riarachán agus TF | 28 | 26 |
| Cláraitheoir Sonraí Ailse | 23 | 24 |
| | 52 | 51 |
| Líon coibhéiseach lánaimseartha amhail an 31 Nollaig | 50.21 | 50.86 |

| 4. Costais Foirne (ar lean) | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sochair Chomhiomlána na bhFostaithe** | | |
| | | |
| **Sochair Foirne ghearrthéarmacha** | 3,038,877 | 2,821,368 |
| Sochair foirceanta | - | - |
| Ranníocaíocht fostóra i dtaobh leas sóisialach | 314,827 | 290,870 |
| Costais Sochair Scoir | 423,356 | 397,985 |
| | 3,777,060 | 3,510,223 |
| | | |
| **Sochair Foirne ghearrthéarmacha** | | |
| Bunphá | 3,777,060 | 3,510,223 |
| Ragobair | - | - |
| Liúntais | - | - |
| Iomlán | 3,777,060 | 3,510,223 |

Tá tuilleadh faisnéise maidir le príomhdhaoine den lucht bainistíochta i nóta 12.
Rinneadh ranníocaíochtaí dar luach €59,397 leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i leith na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair in 2024 (2023: €43,166).

**Nóta:** Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair fostaithe ghearrthéarmacha i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra.

| Luach Saothair an Stiúrthóra (gearrthéarmach seachas ÁSPC an fhostóra) | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An Té atá sa Phost Faoi Láthair (ón 9 Meitheamh 2021) | 146,913 | 137,601 |
| | 146,913 | 137,601 |
| | | |
| **Speansais an Stiúrthóra** | | |
| An Té atá sa Phost Faoi Láthair | 10,403 | 12,257 |
| | 10,403 | 12,257 |

Tar éis próiseas earcaíochta oscailte, ghlac an Stiúrthóir atá ann faoi láthair freagracht as an ról i mí an Mheithimh 2021, faoi shocrú iasachta le FSS ar feadh tréimhse cúig bliana. Aisíocann NCRI Pá Comhlán an Stiúrthóra agus costais ÁSPC an Fhostóra le FSS. Ní bhfuair an té atá sa phost faoi láthair aon Luach Saothair i gCoibhneas le Feidhmíocht in 2024.

**Luach Saothair agus Speansais na gComhaltaí Boird**
Ní íoctar táillí leis na comhaltaí Boird. Thabhaigh Comhaltaí Boird Costais Taistil agus Cothabhála €663 as freastal ar chruinnithe Boird in 2024. Costais €541 a thabhaíodh in 2023.

**4. Costais Foirne (ar lean)**

| Líon na bhFostaithe arna miondealú de réir banda tuarastail ag deireadh mhí na Nollag | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Níos lú ná €60K | 24 | 38 |
| Idir €60K – €70K | 19 | 10 |
| Idir €70K – €80K | 6 | 2 |
| Idir €80K – €90K | 1 | 1 |
| Idir €90K – €100K | 2 | 1 |
| Idir €100K – €110K | 1 | 0 |
| Idir €110K – €120K | 0 | 0 |
| Idir €120K – €130K | 0 | 0 |
| Idir €130K – €140K | 0 | 1 |
| Idir €140K – €150K | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **54** | **53** |

**5. Costais Riaracháin**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tomhaltáin Oifige | 5,956 | 6,732 |
| Táillí cúiréirí agus táillí seachadta | 793 | 1,494 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | 1,131 | 2,040 |
| Táille iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 14,300 | 14,300 |
| Táillí iniúchóireachta eile | 18,450 | 7,560 |
| Earcaíocht | 53,622 | 47,919 |
| Táillí Oiliúna agus Comhdhála (Poblacht na hÉireann) | 16,035 | 20,216 |
| Táillí Oiliúna agus Comhdhála (lasmuigh de Phoblacht na hÉireann) | 18,642 | 4,250 |
| Cíos agus muirir sheirbhíse | 193,994 | 202,924 |
| Árachas | 16,037 | 12,910 |
| Deisiú agus cothabháil an fhoirgnimh | 1,156 | 2,689 |
| Solas agus teas | 18,975 | 25,563 |
| Ceadúnais, Síntiúis agus Tacaíocht | 274,637 | 212,031 |
| Clódóireacht, postas agus stáiseanóireacht | 2,411 | 1,740 |
| Teileafón, facs agus idirlíon | 48,479 | 46,907 |
| Táillí do lucht dlí agus gairmithe | 78,450 | 89,829 |
| Muirir Bhainc | 1,333 | 1,209 |
| Costais ilghnéitheacha | 21,212 | 7,413 |
| An Tionscadal Tagarmharcála Ailse | 30,988 | 30,900 |
| Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise | 20,091 | 12,081 |
| Dímheas ar threalamh ríomhaireachta | 141,931 | 205,240 |
| **Costais Iomlána Riaracháin** | **978,623** | **955,947** |

## 6. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh Ríomhair-eachta | Daingneáin agus Feistis | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 1,616,675 | 304,663 | 27,545 | 1,948,883 |
| Breiseanna | 120,839 | - | - | 120,839 |
| Diúscairtí | - | (27,512) | (16,602) | (44,114) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **1,737,514** | **277,151** | **10,943** | **2,025,608** |
| | | | | |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 1,406,305 | 304,663 | 27,545 | 1,738,513 |
| Muirear don bhliain | 141,929 | - | - | 141,929 |
| Ar Dhiúscairtí | - | (27,512) | (16,602) | (44,114) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **1,548,234** | **277,151** | **10,943** | **1,836,328** |
| | | | | |
| **Glanluachanna de réir na Leabhar** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **189,280** | **-** | **-** | **189,280** |
| | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 210,370 | - | - | 210,370 |

San áireamh leis an Trealamh Ríomhaireachta tá Bogearraí Ríomhaire ag a bhfuil glanluach €69,889 de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2024 agus €105,841 amhail an 31 Nollaig 2023.

## 7. Méideanna infhála agus Réamhíocaíochtaí

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Méideanna infhála – Eile | 22,768 | 450 |
| Réamhíocaíochtaí | 260,115 | 167,183 |
| | **282,883** | **167,633** |

**8. Deontais a fuarthas roimh ré / (Riaráistí)**

| | Ag oscailt an 1 Eanáir | Ioncam a Fuarthas | T/C go Cuntas B/C | Ag dúnadh an 31 Nollaig |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Deontóir i leith an Tionscadail | | | | |
| RCSI/ICS (Éifeachtaí COVID) | (11,658) | 27,220 | (34,368) | (18,806) |
| OriOn | 0 | 13,231 | (3,015) | 10,216 |
| NSS | 28,970 | 53,000 | (71,627) | 10,343 |
| Aspire | 0 | 50,805 | (36,066) | 14,739 |
| Iomlán | 17,312 | 144,256 | (145,076) | 16,492 |

**Fuarthas na deontais ó na heagraíochtaí seo a leanas:**

An Bord Taighde Sláinte (HRB)
Líonra Ailse Fola na hÉireann (BCNI)
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI)
Cumann Ailse na hÉireann (ICS)
An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (NSS)

Ba é €18,806 an méid a bhí dlite an 31 Nollaig 2024 ó RCSI maidir leis an tionscadal RCSI/ICS (Éifeachtaí Covid).

**9. Cuntas Caipitil**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 210,371 | 187,260 |
| **Aistriú chuig an / (ón) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | |
| Deontais Chaipitil a fuarthas ón Roinn Sláinte (Vóta 38 fotheideal L1) | 120,839 | 228,628 |
| Méid an amúchta i gcomhréir leis an dímheas ar shócmhainní | (141,930) | (205,240) |
| Aistriú chuig an / (ón) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | (21,091) | 23,388 |
| Iarmhéid Díscríofa ar Dhiúscairtí | - | (278) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **189,280** | **210,371** |

**10. Cíosanna ar Léasa Oibriúcháin**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíosanna Léasa a cuireadh de mhuirear an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais | 138,282 | 147,600 |
| Tá na hoibleagáidí airgid seo a leanas ar an mBord faoi léasanna oibriúcháin a rachaidh in éag sa tréimhse: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 139,540 | 139,330 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 582,959 | 570,035 |
| Tar éis cúig bliana | 455,819 | 607,235 |

Déanann an Bord a ghnó ó áitreabh i bPáirc Ghnó Aerfort Chorcaí. Chuathas i mbun léas nua an 5 Márta 2018 don tréimhse ón 1 Nollaig 2017 ar feadh 10 mbliana. Mar chomaoin ar chomhaontú an léas a shíneadh ar feadh cúig bliana breise go dtí an 30 Samhain 2032, bhí NCRI i dteideal tréimhse sé (6) mhí saor ó chíos, dar tosach an 1 Aibreán 2024.

**11. Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise/Asbhaint i leith Pinsean**

De réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009, tháinig asbhaint a bhaineann le pinsin do sheirbhísigh phoiblí i bhfeidhm ón 1 Márta 2009. Cuireadh an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise ina ionad sin an 1 Eanáir 2019. Nuair a bhailítear í, seolann an Chlárlann Náisiúnta Ailse an tsuim asbhainte chuig an Roinn Sláinte uair sa mhí. Ba é iomlán na n-íocaíochtaí míosúla a íocadh leis an Roinn ina leith sin don tréimhse ó Eanáir go Nollaig 2024 ná €76,357. Ba é an méid comparáideach i leith 2023 ná €77,157.

**12. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara**

Luach Saothair a íocadh leis an bPríomhlucht Bainistíochta

Cuimsítear leis an bPríomhlucht Bainistíochta an Bord, an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ardbhainistíochta. B'ionann iomlán na sochar i dtaobh luach saothair gearrthéarmach i leith 2024 agus €645,978 (ÁSPC Fostóra san áireamh). I gcomparáid leis sin, ba é €668,254 (ÁSPC Fostóra san áireamh) an figiúr i leith 2023.
Níl aon luach saothair iníoctha leis an mBord.

Glacann NCRI nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe lena gclúdaítear leasanna pearsanta chomhaltaí an bhoird. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Chlárlann deontais a cheadú nó socruithe conarthacha a dhéanamh le heintitis a bhfuil comhaltaí boird de chuid na Clárlainne fostaithe iontu nó a bhfuil leas eile acu iontu. I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméadúchán ón mbord, ní ghlacann siad páirt i gcomhráite maidir leis na hidirbhearta sin ná ní bhíonn siad i láthair ag na comhráite sin. Coinnítear clár nochtaithe ar bun. Níor tabhaíodh aon idirbhearta páirtithe gaolmhara in 2024.

## 13. Táillí na gComhairleoirí Seachtracha

Áirítear leis na táillí do Lucht Dlí agus Gairmithe (nóta 5) an caiteachas seo a leanas ar chomhairleoirí seachtracha.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Soláthar | 2,664 | - |
| Cosaint Sonraí | - | 745 |
| Straitéis | - | 54,410 |
| Dlí | 3,009 | 3,130 |
| | **5,673** | **58,285** |

## 14. Ceangaltais Chaipitil

Níl aon cheangaltais chaipitil ann.

## 15. Teagmhais tar éis an Dáta Tuairiscithe

**Gnóthas leantach** – Ós rud é go soláthraíonn an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse seirbhís phoiblí arna maoiniú ag an Státchiste, trína mháthair-roinn, an Roinn Sláinte, measann an Chlárlann gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

## 16. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Bord na ráitis airgeadais an 15 Aibreán 2025.